

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



## BLIAIN ACADÚIL 2005-2006


UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

# ÚDARÁS RIALAITHE

| | |
|---|---|
| **Seansailéir** | S. Donlon |
| **Leaschathaoirleach** | G. Cunningham |
| **Uachtarán (go dtí Aibreán 2006)** | R.G.H. Downer |
| **Uachtarán (ó Aibreán 2006)** | J. O'Connor |

**Baill**

| | | |
|---|---|---|
| D. Barry | S. Dolan | P. O'Connor |
| C. Birkinshaw | K. Doyle | F. O'Driscoll |
| F. Breen* | B. Dukes | D. O'Malley |
| S. Bugler | M. Finucane-Ryan | G. Ryan |
| C. Burkley | F. Fogarty** | M. Ryan |
| M. Chapman | A. Hegarty | D. Scully+ |
| J. Collins | M. Houlihan | D. Shinners-Kennedy |
| P. Conlan | T.B. Kearney | B. Teefy++ |
| M. Corboy | B. Lane | D. Tocher |
| P. Cremin | M. McHale*** | T. Turner |
| M. Davies | | |

* St. J. Ó Donnabháin a tháinig i gcomharbacht air, Iúil 2006
** S. Hickey a tháinig i gcomharbacht air, Iúil 2006
*** M. Niebrzegowska a tháinig i gcomharbacht uirthi, Iúil 2006
+ J. Leddin a tháinig i gcomharbacht air, Iúil 2006
++ E. Creighton a tháinig i gcomharbacht uirthi, Iúil 2006

**Ollscoil Luimnigh,**
**Luimneach, Éire**
**Teileafón:** +353-61-202700
**Facs:** +353-61-330316
**Láithreán Gréasáin:** www.ul.ie

**Grianghraif:** Eoin Stephenson, An tAonad Grianghrafadóireachta, UL; Preas 22
Ger Browne Print and Design **a phriontáil**, 061-351322

# AN CLÁR

**Ráiteas an tSeansailéara** 2
**Ráiteas an Uachtaráin** 3
**Cúrsaí Acadúla** 4
*Cúrsaí Acadúla* 4
*Cáilíocht* 5
*Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus For-Rochtain* 5
*Oideachas Idirnáisiúnta* 6
**Coláistí agus Réimsí Gaolmhara** 7
*An Coláiste Oideachais* 7
*An Coláiste Innealtóireachta* 8
*Coláiste na nDaonnachtaí* 9
*An Coláiste Faisnéisíochta agus Leictreonaice* 10
*An Coláiste Eolaíochta* 11
*Scoil Ghnó Kemmy* 12
*Coláiste Mhuire gan Smál* 13
*An tIonad Múinteoireachta agus Foghlama* 14
**Taighde** 15
*Taighde* 15
*An Scoil Chéimithe* 16
**Riarachán** 17
*Riarachán* 17
*Forbairt Champais* 18
*Seirbhísí do Shaol an Champais/PCC* 19
*Spóirt agus Caitheamh Aimsire* 20
*Amharcealaíona* 21
*Acmhainní Daonna* 22
*Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn* 23
*Céimeanna Oinigh* 24
**Airgeadas** 25
**Seirbhísí Tacaíochta Acadúla** 28
*Oideachas Comhoibritheach & Gairmeacha* 28
*Teicneolaíocht Faisnéise* 29
*Leabharlann agus Seirbhísí Faisnéis* 30
**Cuideachtaí Gaolmhara** 31
*Fondúireacht Ollscoil Luimnigh* 31
*Páirc Teicneolaíochta Náisiúnta* 32
**Staitisticí faoi Chéimithe** 33
*Céimithe de réir Leibhéil Dámhachtana 2006* 33
*Céimithe de réir Disciplín 2006* 33
*Céad Sprioc Céimithe 2005* 33
**Mapa an Champais** 34





**I ráiteas an Uachtaráin agus i dtuairiscí eile sa tuarascáil bhliantúil seo tógtar ceann de ghníomhaíochtaí na hOllscoile maidir le gnóthachtálacha straitéiseacha, acadúla agus cultúrtha le linn na BA2005/06. Tugann an ráiteas seo deis dom-sa cuntas achomair a thabhairt ar Údarás Rialaithe na hOllscoile.**

Tá ról agus feidhm an Údaráis Rialaithe leagtha síos in Acht na nOllscoileanna, 1997. Is é an tÚdarás Rialaithe atá ann faoi láthair an dara Údarás de chuid na hOllscoile faoin Acht seo. Chuir sé tús lena thréimhse cúig bliana in oifig ar an 1 Nollaig 2002. Cheap an tÚdarás Rialaithe mise i mo Chathaoirleach i bhFeabhra 2003 agus ina dhiaidh sin cheap i mo Sheansailéir mé. Thogh an tÚdarás Rialaithe an tUasal George Cunningham ina Leaschathaoirleach in Aibreán 2003.

Leagtar amach obair an Údaráis Rialaithe le linn na BA2005/06 thíos:

- Tháinig na hocht gcoiste den Údarás Rialaithe le chéile agus thug tuairiscí don Údarás ar bhonn rialta i gcaitheamh na tréimhse atá i gceist:
  - An Coiste Iniúchóireachta
  - An Coiste Airgeadais
  - An Coiste um Acmhainní Daonna
  - Coiste Forbartha an Champais
  - An Coiste Rochtana agus Comhionannais
  - Coiste Forbartha na Leabharlainne
  - An Coiste Ainmniúcháin
  - An Coiste um Dhochtúireachta Oinigh, i gcomhpháirt leis an gComhairle Acadúil

  Téann coistí i mbun oibre réamh anailí ar mhórán ceisteanna, agus earcrann moltaí nua, nó leasuithe cuí ar chinn atá ann cheana féin, as sin. Cuirtear na moltaí sin, a bhaineann le ceisteanna straitéiseacha agus polasaí na hOllscoile, faoi bhráid an Údaráis ina dhiaidh sin lena meas. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú cheadaigh an tÚdarás, *inter alia,* nósanna imeachta na hOllscoile d'earcú/do cheapadh foirne. Cheadaigh an tÚdarás freisin leasuithe ar go leor polasaithe eile agus leasaigh téarmaí tagartha do na Coistí Rochtana agus Comhionannais agus don Choiste um Acmhainní Daonna.

- Feidhm thábhachtach ag an Údarás is ea ceapadh foirne agus dámh, agus deineadh ceapacháin ag gach aon chruinniú i gcaitheamh na bliana.

- Faoin Údarás Rialaithe amháin atá feidhmeanna áirithe, ina measc tá bronnadh céimeanna oinigh, le toil na Comhairle Acadúla. Léiríonn dámhachtain a leithéid sin de chéimeanna ar dhaoine, a bhfuil barr feabhais bainte amach acu i réimse éigin, onóir dóibh agus dá réir ar an Ollscoil féin. Sa tréimhse atá faoi chaibidil dámhadh dochtúireachtaí oinigh ar an Dr John Hume agus an Dr Mary Robinson.

Uair in aghaidh na míosa, ar an meán, a bhíonn cruinnithe an Údaráis Rialaithe ann agus maireann gach cruinniú acu tuairim is trí huaire an chloig. Ina theannta sin, mar a tugadh le fios roimhe seo, bíonn cruinnithe ag na Coistí Údaráis Rialaithe de réir mar is gá. Bíonn cuid mhór réamhoibre do na cruinnithe seo le déanamh ag na Gobharnóirí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na gobharnóirí as an obair ar fad a thóg siad orthu féin agus ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leo as a n-iarrachtaí leanúnacha i gcaitheamh na bliana.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhúthracht agus do cheannaireacht an Uachtaráin, an tOllamh G.H. Downer, a d'éirigh as a phost le héifeacht ó Aibreán 2006. Le linn dó a bheith in oifig bhain an tOllamh Downer aitheantas cuí amach as an méid a bhain an Ollscoil amach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uachtarán Gníomhach John O'Connor Uasal a bhí sásta glacadh leis an ról a fhad is a bhí uachtarán nua á lorg. Is mian liom buíochas a léiriú thar mo cheann féin agus thar ceann an Údaráis Rialaithe le hoifigigh agus foireann Ollscoil Luimnigh as a n-obair sheasta ar mhaithe leis an Ollscoil a fhorbairt.

*Seán Donlon*
*Seansailéir*







**Tá an-ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil Ollscoil Luimnigh (UL) don bhliain acadúil 2005/06 a chur i láthair. Léiríonn an tuarascáil seo an obair shuntasach a dhéanann an institiúid chun leas oideachais, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir na tíre a chur chun cinn.**

Seoladh Plean Straitéiseach le linn na bliana chun cúrsa UL a stiúradh. thar an tréimhse 2006-2011. Sa Phlean tá UL tiomanta do na tionscnaimh oideachais seo a leanas:

- Mar fhreagra ar pholasaí náisiúnta agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta ardóidh rollú mac léinn ó 10,345 i BA 2004/05 go 14,350 faoi BA 2010/11.
- Beidh fócas speisialta ar leibhéil rollaithe i measc mac léinn as earnálacha faoi ghann-ionadaíocht inár sochaí a ardú agus chun leibhéil rollaithe i gcláir iarchéimithe a leathnú.
- Tá sé beartaithe tús a chur le clár iontrála míochaine ceithre bliana do chéimithe i mBA 2007/08.
- Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar an bpunann clár acadúil atá ann cheana chun a chinntiú go léiríonn na cláir tosaíochtaí straitéiseacha UL agus riachtanais náisiúnta.
- Díreofar ar arduithe suntasacha a dhéanamh ar an leibhéal aschuir taighde agus ar an gcaighdeán aschuir taighde.
- Chun tacú le cuspóirí oideachais agus cuspóirí eile a bhaineann leo atá mionsonraithe sa Phlean díreofar ar fhorbairt bhreise fhisiciúil an champais.
- Creidtear go dtiocfaidh infheistíocht €250 milliún mar thoradh ar an bPlean a chur i bhfeidhm.

Rinneadh forbairtí acadúla suntasacha le linn na bliana a bhí faoi athbhreithniú lena n-áirítear clárú na chéad cohóirt mac léinn i mBainistíocht Foirgníochta, in Ailtireacht agus sa tSiceolaíocht. Cloch mhíle shuntasach a bhí ann nuair a bronnadh céimeanna ar na chéad mhic léinn Fisiteirpe. Chun a chinntiú go mbaintear sceideal tosaithe an chláir iontrála míochaine amach tugadh chun críche staidéar cuimsitheach ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta i dtaca le cláir iontrála oideachais míochaine do chéimithe. Forbraíodh curaclam an chláir ag baint leasa as an staidéar sin mar threoir, cuireadh plean acmhainne i bhfeidhm agus cuireadh plean feidhmithe mionsonraithe le chéile agus cuireadh chun cinn é.

Cuireadh chun cinn tuilleadh le linn na bliana an clár forbartha fisiciúil atá mar thaca faoin bplean oideachais agus straitéiseach agus cuireadh réimse tionscadal chun cinn. Áirítear orthu sin críochnú an Fhoirgnimh Eolaíochta Sláinte chun tacú le hAltranas, le Teiripe agus le hUrlabhra Teanga, le Teiripe Saothair agus le cláir Fhisiteiripe. Tugadh chun críche tógáil céad chéime Bhaile Cappavilla – an cúigiú baile mac léinn ar an gcampas agus ag an am céanna cuireadh tús le tógáil Fhoirgneamh Scoil Ghnó Kemmy, leis an bhFoirgneamh Foghlama Teanga agus le saoráid an Chlub Rámhaíochta. Tá an chéad tanc rámhaíochta faoi dhíon mar chuid de shaoráid an Chlub Rámhaíochta. Cuireadh tús freisin le linn na bliana le tógáil an Droichid Bheo a nascfaidh croílár acadúil an Champais Theas le campas láidir acadúil an Chláir atá trasna na Sionainne. Cuireadh chun cinn freisin le linn na bliana céim dearaidh fhoirgneamh Chéim 2 na Leabharlainne, foirgneamh Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann, foirgneamh Acadamh Domhanda Ceoil agus Damhsa na hÉireann agus foirgneamh Forbartha Spóirt Chéim 2.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don té a tháinig romham, an tOllamh Roger GH Downer, a d'éirigh as a phost le linn na bliana. Faoi cheannaireacht Roger thar thréimhse ocht mbliana rinneadh dul chun cinn suntasacha in Ollscoil Luimnigh. Tá áthas orm gach dea-rath a ghuí ar Roger agus tá súil agam go mbeidh tréimhse scoir fhada agus shásta aige.

Táim an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fhaighim ó chomhaltaí phobal an champais ar fad agus mar thoradh ar a n-iarrachtaí, a gcruthaitheacht, agus a dtiomantas a rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana i bpleanáil straitéiseach nuálach chomh maith le punanna cuspóirí éilitheacha a sheachadadh. Táim buíoch ach go háirithe as an gcomhairle mhaith agus an tacaíocht a fhaighim ó Sheansailéir agus ó Chathaoirleach an Údaráis Rialaithe chomh maith le comhaltaí an Údaráis.

Tá áthas orm go bhfuil na leasanna céanna againn leis an bpobal a ndéanaimid freastal air agus tá an t-ádh orainn go bhfuil réimse leathan daoine aonair agus eagraíochtaí ann a thugann tacaíocht dúinn agus atá mar pháirtnéirí againn. Táimid dóchasach go leanfaidh UL, a cuid forbairtí, a pleananna agus a mianta don am amach romhainn, ag cur go mór le saol na hÉireann agus go gcuirfear an Ollscoil chun cinn tuilleadh.

*John O'Connor*
*Uachtarán*

Is é an Leas-Uachtarán Acadúil agus an Cláraitheoir (VPAR) a bhfuil freagracht fhoriomlán air maidir le gníomhaíochtaí acadúla na hOllscoile agus maidir leis na seirbhísí tacaíochta a thacaíonn leis na

## CURSAÍ ACADÚLA

gníomhaíochtaí sin. Tacaíonn an Leas-Uachtarán Comhlach Acadúil, an Cláraitheoir Cúnta agus seacht ndéan leis, déan amháin do gach ceann de na sé choláiste, chomh maith leis an Déan Múinteoireachta agus Foghlama.

I rith na bliana:

- Cheadaigh an Chomhairle Acadúil aighneachtaí do na cláir iomlána seo a leanas:
  - Teastas san Aclaíocht, i Sláinte agus Folláine
  - Dioplóma um Oideachas Leanúnach i mBainistiú Cáilíochta d'Aosaigh – Córais Lean
  - Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Acmhainní Daonna (Páirtaimseartha)
  - Dioplóma/Dioplóma Iarchéime sa Mhatamaitic agus i Staitisticí
  - Teastas Iarchéime/Dioplóma Iarchéime/ Máistreacht i Meantóireacht Oideachais
  - Dioplóma Iarchéime/Máistir Ealaíon in Anailís ar Iompar Feidhmeach
  - Dioplóma Iarchéime/Máistir Oideachais in Oideachas Forbartha
  - Dioplóma Iarchéime/Máistir Eolaíochta in Altranas/Cnáimhseachas
  - Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Corpoideachas)
  - Dioplóma Iarchéime/Máistir Eolaíochta in Altranas (Cúram Maolaitheach)
  - Dioplóma Iarchéime/Máistir Eolaíochta in Altranas (Cúram Imobráide)
  - Dioplóma Iarchéime/Máistreacht san Oideachas Teicneolaíochta
  - Máistir Ealaíon i Spioradáltacht Chríostaí
  - Máistir Ealaíon sa Dlí Sibhialta agus Canónach
  - Máistir Ealaíon sa Staidéar ar Mheáin na hÉireann
  - Máistir Ealaíon i dTeanga, Cultúr agus Domhandú
  - Máistir Ealaíon i bPolaitíocht
  - Máistir Ealaíon i dTeiripí Cliniciúla (Fisiteiripe/Teiripe Shaothair/Teiripe Urlabhra agus Teanga)
  - Máistir Eolaíochta i Síceolaíocht Eagraíochta agus Oibre
- Cláraíodh na chéad mhic léinn ar sheacht gclár nua céime, Meán Fómhair 2006: Bithleigheas Leictreonaice, Dearadh do na Meáin Dhigiteacha, Cnáimhseachas, Teicneolaíocht an Cheoil, na Meán agus na Feidhmíochta, Síceolaíocht agus Socheolaíocht, Forbairt Bhogearraí agus Athrú Sóisialta, agus Innealtóireacht Róbataice.
- Glacadh leis an bpolasaí maidir le réamhfhoghlaim a chreidiúnú mar aon le nósanna imeachta foirmiúla leis an bpolasaí a chur i bhfeidhm.
- Cruthaíodh seacht bpost nua ag leibhéal an Léachtóra Shóisearaigh agus leithdháileadh iad de réir na Samhla Leithdháilte Dáimhe (FAM)
- I gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha agus náisiúnta, chuir UL moltaí mionsonraithe isteach le haghaidh maoiniú a fháil faoin gCiste Straitéiseach Nuála (SIF), Meán Fómhair 2006.

Rinneadh athbhreithniú ar Chód Iompair na hOllscoile i rith na bliana agus rinneadh roinnt athruithe ar ábhar na nósanna imeachta agus rialála dá bharr. Leanadh i rith na bliana den phróiseas le scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh agus a riaradh, á chur san áireamh go bhfuil i bhfad níos mó acu anois ann, agus athbhreithniú criticiúil á dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideadh.

***I gcomhar le páirtnéirí náisiúnta agus réigiúnacha chuir UL ar aghaidh togra mionsonraithe i Meán Fómhair 2006 ar mhaoiniú faoin gCiste Straitéiseach Nuála (SIF).***



*I 2006, leithroinn an Ciste Straitéiseach Nuála (SIF) €6.6 milliún do Chuibhreannas na Sionainne, comhpháirtíocht oideachais cheannródaíoch a neartóidh cumas réigiúnach d'ardoideachas chun cuidiú le mic léinn agus taighdeoirí. Is é an aidhm atá le Cuibhreannas na Sionainne, a bhfuil Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Coláiste Mhuire Gan Smál agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí rannpháirteach ann, ná nuálachtaí oideachais mionsonracha a fheidhmiú sa réigiún a mbeadh tionchar níos leithne mar thoradh orthu a bheadh dodhéanta ag aon institiúid amháin a bheadh ag gníomhú as féin a bhaint amach. Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) An tUasal Michael Carmody, Stiúrthóir ITT; An Dr Maria Hinfelaar, Stiúrthóir LIT; An Dr Peadar Cremin, Uachtarán MIC; agus an tOllamh Don Barry, UL Leas-Uachtarán & Cláraitheoir Acadúil.*





## CÁILÍOCHT

Tá an tAonad Tacaíochta Cáilíochta (QSU) freagrach as: polasaithe, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Rinneadh athbhreithniú ar na haonaid seo a leanas i rith na bliana: Eacnamaíocht, Socheolaíocht, Polaitíocht & Riarachán Poiblí, Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise, Innealtóireacht Leictreonach agus Ríomhaireachta, Teangacha & Léann an Chultúir, Bainistíocht agus Margaíocht, agus Riarachán Acadúil na Mac léinn.

D'fhorbair an QSU teimpléad nua do chórais bhainistithe cáilíochta (QMS) maidir le ranna tacaíochta agus d'athchóirigh siad nósanna imeachta maidir leis an athbhreithniú cáilíochta a dhéantar ar na ranna tacaíochta sin. Díríonn an próiseas athchóirithe maidir le hathbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag na ranna chun QMS a bhunú.

Forbraíonn agus soláthraíonn an Roinn Foghlama ar Feadh an tSaoil agus For-Rochtana cúrsaí creidiúnaithe, modúlacha a

## FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL AGUS FOR-ROCHTAIN

sheachadtar ar bhealach solúbtha do dhaoine ar mian leo a gcuid eolais a mhéadú, a scileanna a uasghrádú nó a gcáilíochtaí proifisiúnta a thabhairt cothrom le dáta. Déanann na coláistí ar leithligh tionscnaimh na roinne a sheachadadh nó déantar amhlaidh trí chomhoibriú le coláistí agus comhpháirtithe seachtracha.

Bíonn ról UL maidir le cláir a sheachadadh ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ag brath ar an mbaint a bhíonn aici le forbairt ábhar réamhfhoghlama; ba chóir go mbeadh tionchar suntasach sna blianta atá le teacht ag an dul chun cinn breise atá déanta ag UL sa réimse sin mar gheall ar an gcomhobair atá déanta aici laistigh de Chomhaontas Ollscoile an Atlantaigh (AUA).

Lean an roinn de bheith gníomhach ag leibhéal na hEorpa trí chomhpháirtíocht a ghlacadh i roinnt tionscadal tábhachtacha i dtaca le foghlaim ar feadh an tsaoil, agus iad arna maoiniú ag an AE. Díríodh go háirithe ar thionchar phróiseas Bologna ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar na saincheisteanna cáilíochta a bhaineann le clár foghlama ar feadh an tsaoil a leagan amach agus a sheachadadh.

Bunaíodh comheagras réigiúnach i rith na bliana agus cuireadh mórbheart faoi bhráid an HEA le haghaidh maoiniú a fháil faoin gCiste Nuála Straitéisí. Folaíodh sa chomheagras sin Insitiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Instituid Teicneolaíochta Thrá Lí agus UL.

***Bhí an Roinn d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus For-Rochtana gníomhach ag leibhéal Eorpach trí chomhpháirtíochtaí i roinnt tionscadal tábhachtacha foghlaim ar feadh an tsaoil AE-mhaoinithe.***



Earcaíonn an Rannán Oideachais Idirnáisiúnta (IED) iarchéimithe agus fochéimithe idirnáisiúnta do UL, atá lánaimseartha agus a íocann lántáillí, agus tá sé freagrach chomh maith as rannpháirtíocht UL a riaradh i gclár malartaithe neamhthráchtála an AE faoi SOCRATES/Erasmus. Ina chomh maith leis an ioncam ó ranganna múinteoireachta- a dhúbailt laistigh de chúig bliana.

Chláraigh 140 mac léinn don Chlár Staidéir Thar Lear san Fhómhar agus 180 san Earrach, laghdú beag ón mbliain acadúil 2004/05. Is ó na Stáit

## OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

**theannta sin, thóg IED mar fhreagracht air féin i rith na bliana bainistiú a dhéanamh ar mhalartuithe mac léinn, malartuithe atá ag dul i méid i gcónaí, ó institiúidí sna Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus Singeapór.**

Ba é líon iomlán na mac léinn idirnáisiúnta i rith na bliana ar íocóirí táillí iad ná 523, ardú beag ar an mbliain roimhe sin. An líon is mó mac léinn (54), is ón tSín a tháinig siad, maille le 37 ó na Stáit Aontaithe; agus líon níos lú fós ó 34 tír eile, an chuid is mó acu ón India, ón Rómáin, ón Rúis, ón Iaráin agus ó Cheanada. Tá mar aidhm ag IED líon na ndaltaí idirnáisiúnta ar íocoirí lántáillí iad -

Aontaithe a tháinig formhór na mac léinn ar an gClár Staidéir Thar Lear ach, den chéad uair, d'óstaigh UL naonúr mac léinn lánbhliana ón tSeapáin.

Chláraigh 49 mac léinn faoi Scoileanna Samhraidh sa Léann Éireannach i mí an Mheithimh 2006 do cheithre rogha ar leithligh den chúrsa, i gcomparáid le 56 i mí an Mheithimh 2005, rud a léiríonn an dúshlán atá anois ann, agus cúrsaí idirnáisiúnta faoi mar atá, le mic léinn a mhealladh ó na Stáit Aontaithe.

*Tháinig méadú ar an líon malartú mac léinn le hinstitiúidí i SAM, i gCeanada, san Astráil agus i Singeapór.*



*Sa ghrianghraf tá Jia Xu a bhain amach céim BSc i dTeicneolaíocht Faisnéise & Teileachumarsáid lena tuismitheoirí a thaistil as Shanghai chun freastal ar bhronnadh na céime agus an tOllamh Roger Downer, Uarachtarán Emeritus, Ollscoil Luimnigh.*



*Lena Hally, Caiseal, Co. Thiobraid Árann; Vanessa Butler, Mullach Íde, Baile Átha Cliath agus Fiona Collins, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh, a bhain céim amach ón gColáiste Oideachais ar an gcéad lá de Shearmanas Bronnta 2006 in Ollscoil Luimnigh.*

**Soláthraíonn an Coláiste Oideachais cláir foghlama a fhónann do riachtanais oideachais na hÉireann. Mar gheall ar na bunchláir oideachais a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí i gcúrsaí gnó, teanga, ceoil, corpoideachais, eolaíochta agus teicneolaíochta, bíonn na céimithe inniúil ar theagasc i scoileanna na hÉireann, agus mar gheall ar na cláir**

## AN COLÁISTE OIDEACHAIS

**forbartha proifisiúnta a dhéantar a sheachadadh do mhúinteoirí agus d'eochairphearsanra oideachais eile ar bhonn for-rochtana, déantar deimhin de go mbeidh an mhúinteoireacht a dhéanfar i scoileanna na hÉireann ag teacht leis na caighdeáin is airde.**

Tá an Insitiúid Forbartha Gairme freagrach as cláir for-rochtana an Choláiste a bhainistiú. Soláthraíonn an Institiúid cláir foirmiúla d'fhorbairt phroifisiúnta iarchéime i 16 ionad ar fud na tíre chomh maith le cláir inseirbhíse ar bhonn náisiúnta.



*Tá buntáiste ar leith ag APL do mhic léinn ar mian leo dul le clár dioplóma iarchéime ó dhámhachtain céime gnáthleibhéal.*

Tá socrúcháin maidir le Cleachtadh Múinteoireachta mar ghné lárnach i ngach clár múinteoireachta do mhúinteoirí a thairgeann UL.

Tá tionscnamh taighde ar bun ag an gColáiste atá dírithe ar phlean meantóireachta a chur i bhfeidhm agus a thiocfaidh i dtír ar thaithí féin agus ar fhoghlaim na múinteoirí atá anois ann d'fhonn cuidiú leis an ábhar múinteora.

Cuireann polasaí UL maidir le réamhfhoghlaim a chreidiúnú - Creidiúnú Réamhfhoghlama (APL) – ar chumas na hOllscoile creidiúint a bhronnadh ar mhic léinn as eolas a thiomsaigh siad trína dtaithí féin agus aitheantas a thabhairt don fhoghlaim sin trí chreidiúintí acadúla agus /nó díolúintí a thabhairt ag tús clár dioplóma do chéimithe.

Rachaidh an próiseas sin chun tairbhe go háirithe do mhic léinn ar mian leo dul isteach i gclár dioplóma iarchéime ó dhámhachtain chéim ghnáthleibhéil.



*John Mark Griffin, mac léinn tríú bliana Dearadh Táirgí agus Teicneolaíocht in Ollscoil Luimnigh lena dhearadh táirge, tóstaer ceapairí ar stíl a spreag Sony. Tugadh dúshlán do na mic léinn fearas tí nua-aimseartha a cheapadh, a dhearadh agus a chruthú de réir sonraíochtaí stíl an duine aonair.*

*Thug an tOllamh John Burland cuairt ar UL mar aoichainteoir sa Choláiste Innealtóireachta i 2006. Rinne an tOllamh Burland cur síos mion don lucht féachana mór a bhí i láthair ar an tasc dúshlánach a bhain le "Teacht i gCabhair ar Thuar Pisa".*



**Ghlac Scoil na hAiltireachta leis na chéad mhac léinn sa BArch Architecture.**

**Tá ceithre roinn ag an gColáiste Innealtóireachta: Innealtóireacht Déantúsaíochta agus Oibríochtaí, Eolaíocht na nÁbhar agus Teicneolaíocht, Innealtóireacht Mheicniúil agus Aerloingseoireachta agus Scoil Ailtireachta. Tairgeann an Coláiste cúig chlár Bhaitsiléir Innealtóireachta agus cúig cháilíocht iarchéime múinte, suas go dtí leibhéal na máistreachta.**

1,037 an líon iomlán mac léinn a cláraíodh sa bhliain acadúil 2005/06, 180 acu ina mic léinn iarchéime lena n-áirítear 65 mac léinn PhD. Sa dá bhliain seo caite, cáilíodh 29 mac léinn PhD de chuid an Choláiste.

Le linn na bliana acadúla 2005/06 cláraíodh na chéad mhic léinn ón Scoil Ailtireachta ar an gcúrsa BAilt Ailtireacht agus thosaigh Roinn Eolaíocht na nÁbhar & Teicneolaíochta an clár BSc i mBainistíocht Tógála agus Innealtóireachta. Mar bhunús láidir do shaineolas a fhorbairt i réimse an chomhshaoil tógtha, beidh an dá chlár mar bhonn taca do chlár Innealtóireachta Sibhialta atá á fhorbairt faoi láthair. Tá clár nua Bhaitsiléir Innealtóireachta, dar teideal Innealtóireacht Fiontar, le tosú sa bhliain acadúil 2007/08.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thaighde indibhidiúil, tacaíonn an Coláiste go gníomhach le hocht gcinn d'insitiúidí agus d'ionaid taighde.

D'éirigh leis an gColáiste maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta de €4.2m a ghnóthú i rith na bliana.

I gcomhar le Léann na mBan i gColáiste na nDaonnachtaí agus leis an Roinn Innealtóireachta Leictreonaice agus Ríomhaireachta sa Choláiste Faisnéisíochta agus Leictreonaice, lean an Coláiste de Scéim Sparánachta do Mhná in Innealtóireacht a oibriú maidir leis an iníon léinn a ghnóthaigh na pointí iontrála ab airde i mBliain 1 i ngach roinn innealtóireachta agus teicneolaíochta.



*D'fháiltigh UL roimh dhuine de na hinnealtóirí struchtúrtha is saoithiúla ar domhan nuair a thug Leslie Robertson (ar dheis), innealtóir struchtúir a rinne obair ar an Ionad Trádála Domhanda, Nua Eabhrac cuairt ar an gcampas i 2006 mar chuid de ghníomhaíochtaí Seachtain na nIontas UL. Sa ghrianghraf leis an Uasal Robertson tá Uachtarán UL John O'Connor.*





## COLÁISTE NA nDAONNACHTAÍ

**Folaítear cúig roinn lárnacha i gColáiste na nDaonnachtaí: Stair, Teangacha & Léann an Chultúir, Polaitíocht & Riarachán Poiblí, Socheolaíocht, agus an Scoil Dlí. Na fochéimithe atá ag tosú in UL anois, freastalaíonn nach mór duine amháin as gach triúr acu ar an gColáiste. Tá dlúthcheangail acadúla ag an gColáiste le hAcadamh Domhanda Ceoil agus Rince na hÉireann chomh maith le comhchaidrimh le gach coláiste eile de chuid UL.**

I rith na bliana, áiríodh an BA (Céim Onóracha Ilábhar) sa CAO – cor thar a bheith mór i saol na hOllscoile. An bhliain seo caite chomh maith seoladh an BA i Síceolaíocht agus i Socheolaíocht; fuarthas trí Dhámhachtain Eorpacha do mhúinteoireacht Teangacha; fuarthas maoiniú ón gCiste Straitéiseach Náisiúnta; agus forbraíodh Cartlann Fíorúil Pauline agus John Ryan ar Stair an Teaghlaigh. Bunaíodh Institiúid Taighde maidir le Staidéar an Eolais agus na Sochaí (ISKS), agus straitéis taighde an Choláiste á cur i bhfeidhm. Leiríodh sárchaighdeán taighde an Choláiste chomh maith le táirgeadh foilseachán den chéad scoth de 1.9 in aghaidh gach poist dáimhe – dhá oiread an mhéid a táirgeadh sna cúig bliana roimhe seo.

Léiriú ar na caidrimh tras-institiúide ab ea forbairt an MA sa Dlí Sibhialta agus Canónach chomh maith leis an MA i Staidéar ar na Meáin le MIC. Lena chois sin d'éirigh leis an gClár Iarchéime in Eolaíocht Shóisialta de chuid Atlantic Universities sa chéad bhabhta de mhaoiniú náisiúnta tras-institiúide.

*Grianghraf de Pat Cox (ar dheis), Cathaoirleach Ghluaiseacht na hEorpa agus iar-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa ag oscailt Chumann na hOllscoile de Chomhdháil Staidéir Chomhaimseartha na hEorpa (UACES) in Ollscoil Luimnigh i dteannta Ollamh UL, an tOllamh Alex Warleigh-Lack, Cathaoirleach UACES faoi láthair.*



**Áiríodh an BA (Céim Onóracha Dhá Ábhar) sa CAO – forbairt an-tábhachtach don Ollscoil.**

**Cuimsíonn an Coláiste Faisnéisíochta agus Leictreonaice na ranna seo a leanas;– Eolaíocht Ríomhaireachta & Córais Faisnéise, Innealtóireacht Leictreonaice & Ríomhaireachta, agus Matamaitic & Staitisticí.**

Teicneolaíocht an Cheoil, na Meán agus na Feidhmíochta, agus cláir BEng sa Leictreonaic Bhithleighis agus san Innealtóireacht Róbataice agus tabharfar gach ceann acu isteach sa bhliain acadúil 2006/07.

Cuireadh Lero, Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann, ar bun in UL le cistí ó SFI. Beidh Lero ina lárphointe do phobal taighdeoirí innealtóireachta bogearraí atá lonnaithe in Éirinn chun bealaí níos fearr a fháil

## AN COLÁISTE FAISNÉISÍOCHTA AGUS LEICTREONAICE

Tugadh isteach clár nua BSc i bhForbairt Ilmheán agus Cluichí Ríomhaireachta i rith na bliana. Agus athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chláir sa Choláiste, leanadh de chúig chlár nua eile a fhorbairt: cláir BSc i nDearadh do na Meáin Dhigiteacha, Forbairt Bhogearraí agus Athrú Sóisialta, agus

Chuir an Coláiste lena raon ionad tacaíochta do mhic léinn i rith na bliana. Bhí ról tábhachtach ag an Ionad Foghlama Matamaitice, an tIonad Piarthacaíochta Foghlama do Mhic Léinn agus an tIonad Foghlama ICT maidir le ráta coinneála na mac léinn agus leis an gcomhshaol foghlama a fheabhsú.

chun bogearraí a chruthú, a chothabháil agus a mheas. Agus an deontas seo á chur san áireamh, tá nach mór €30m de mhaoiniú faighte ag UL sna ceithre bliana atá caite le haghaidh taighde in obair a bhaineann le bogearraí/ innealtóireacht.




**Tugadh isteach clár nua BSc i bhForbairt na nIlmheán agus Cluichí Ríomhairí le linn na bliana.**

*Sa ghrianghraf tá an Dr Marc Ó Gríofa agus an Dr Derek O'Keeffe, An Roinn Innealtóireachta Leictreonaice agus Ríomhaireachta , UL ar cuireadh a dtionscadal CASPER ar phátrúin chodlata chun an spáis i 2006 ar an Tointeálaí Discovery. Dhear an Dr Ó Gríofa agus an Dr O'Keeffe bealach neamh-sheachantach chun monatóireacht a dhéanamh ar phátrúin chodlata spásairí ar ghlac NASA leis agus a cuireadh i mbun oibre le linn Mhisean Discovery i Meitheamh 2006.*



COLÁISTÍ AGUS RÉIMSÍ GAOLMHARA

**Cuimsíonn an Coláiste Eolaíochta na ranna seo a leanas: an Roinn Ceimice & Eolaíochtaí Comhshaoil, Eolaíochtaí Beatha, Altranas agus Cnáimhseachas, Teiripe Shaothair, Corpoideachas & Eolaíochtaí Spóirt, Fisic, Fisiteiripe, agus Teiripe Urlabhra & Teanga. Tá níos mó ná 2,000 mac léinn ar an iomlán cláraithe i gcláir eolaíochta.**



*Sa ghrianghraf cuireann an tOllamh David O'Beirne, Déan an Choláiste Eolaíochta fáilte roimh an Spásaire NASA an Dr Steve Robinson chuig Aonach Eolaíochta UL. Thug an Dr Robinson cuairt ar UL i ndiaidh a spás-mhisin ar an spástointeálaí Discovery agus chuir a fhíseán baile pearsanta a thóg sé ar an misean iontas ar an lucht féachana.*

## AN COLÁISTE EOLAÍOCHTA

D'éirigh le tabhairt isteach an chláir nua BSc i Sláinte agus Sábháilteacht. Tugadh sé chlár nua isteach ag leibhéal iarchéime múinte i Meán Fómhair 2005, agus thosaigh ceithre cinn eile i Meán Fómhair 2006.

Chuir an Coláiste lena líon foilseachán measúnaithe, dámhachtainí IRCSET, an líon PhDanna a cáilíodh agus an líon deontas taighde a bronnadh ar na dámha (€4.5m sa bhliain faoi athbhreithniú).

D'fhonn cur le líon na mac léinn ar na cúrsaí Eolaíochta, leanadh le gníomhaíochtaí an Choláiste a chur chun cinn i measc mac léinn, tuismitheoirí agus múinteoirí. Áirítear orthu sin an chéad Champa Samhraidh Eolaíochta de chuid an Choláiste le haghaidh daltaí meánscoile agus an tAcadamh i bhFisic Fheidhmeach.

Díríodh aird níos mó i rith na bliana ar cháilíocht thaithí foghlama na chéad bhliana chun a chinntiú go bhféadfar dul ar aghaidh go réidh go dtí an tríú leibhéal chomh maith le rátaí arda coinneála a choimeád. Tá an tIonad Foghlama Eolaíochta ina bhunacmhainn tacaíochta do mhic léinn anois.

Tá tríocha dó faoin gcéad de mhic léinn lánfhásta na hOllscoile cláraithe i gcláir de chuid an Choláiste Eolaíochta. Tá sé ar intinn ag an gColáiste infrastruchtúr tacaíochta breise a fhorbairt do na grúpaí sin tríd an SFI.



**Chuir an Coláiste Eolaíochta leis an líon foilseachán measúnaithe go dtí seo, leis an líon dámhachtan IRCSET agus, leis an líon daoine a bhain PhDanna agus deontas a bronnadh ar an dámh.**

*An Dr Jack Murphy agus a chapall Mac ag Searmanas Bronnta Céimeanna UL 2006. Is é an Dr Murphy an chéad duine as Éirinn a bhain amach céim PhD in Eolaíocht Eachaí in Éirinn.*



***Bronnadh céim ar an gcéad chohórt de mhic léinn ón Dioplóma i gCánachas Feidhmeach, fostaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim gach duine acu, i mí na Nollag 2005.***

**Cuimsíonn Scoil Ghnó Kemmy ceithre roinn acadúla: Cuntasaíocht & Airgeadas, Eacnamaíocht, Bainistíocht & Margaíocht, agus Caidrimh Phearsanra agus Fostaíochta. Tacaíonn an tIonad Bainistíochta Tionscadail, an tAonad Forbartha Bainistíochta, an tAonad Clár MBA agus an tIonad do Staidéar ar Chánachas leis na ranna sin.**

## SCOIL GHNÓ KEMMY

Cheadaigh an Chomhairle Acadúil sraith nua clár BBS le tosú i Meán Fómhair 2006, cinneadh a raibh tionchar aige ar 30 clár ar leith ar fud na hOllscoile.

Bronnadh céim ar an gcéad cohórt de mhic léinn ón Dioplóma i gCánachas Feidhmeach, ar fostaithe de chuid na gComisinéirí Ioncaim gach duine acu, i mí na Nollag 2005. Síníodh conradh eile leis na Coimisinéirí maidir leis an mbliain dheiridh den BA (Onór.) i gCánachas Feidhmeach a sheachadadh ag tús Mheán Fómhair 2006.

Thosaigh an tríú cohórt de mhic léinn MBA ó shaoráid Chluain Meala de chuid Boston Scientific i mí Feabhra 2006. Bhí éileamh leanúnach ag mic léinn ó scoilcheantar fairsing ar an bpríomhchlár seo de chuid na Scoile.

I measc na gclár nua a faomhadh i rith na bliana bhí an BA (Onór.) i mBainistíocht Acmhainní Daonna, an MSc san Obair agus sa tSíceolaíocht Eagraíochta, an Dioplóma i mBainistíocht (Miondíol Mótar) agus an Dioplóma i bhForbairt Ghnóthaí Beaga.

Leanadh de bheith ag díriú ar thaighde agus, dá chomhartha sin, críochnaíodh naoi gcinn de PhDanna, an líon ba mhó riamh, earcaíodh Scoláire Taighde agus Comhalta Taighde, d'éirigh le hiarratais ar Scoláireacht Rialtas na hÉireann agus gnóthaíodh roinnt dámhachtainí seachtracha taighde.

*Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) tá Seansailéir UL an tUasal Seán Donlon; an tOllamh Roger Downer, Uachtarán Emeritus UL; Coimisinéir AE, an tUasal Charlie McCreevy agus an tOllamh Donal Dineen, Déan Scoil Ghnó Kemmy i UL. Thug an Coimisinéir McCreevy aitheasc do lucht féachana mór i UL mar chuid den tSraith Léachtaí Oirirce KBS.*







### *Na Ranna Ealaíon*

Tá 12 roinn Ealaíon i CMS: Béarla, Fraincis, Gaeilge, Tíreolaíocht, Léann Gearmáinise, Stair, na Meáin & Staidéar ar Chumarsáid, Matamaitic & Staidéar Ríomhaireachta, Ceol, Fealsúnacht, Síceolaíocht, agus Diagacht & Staidéar ar Reiligiún. Tá ardú suntasach tagtha ar an líon mac léinn iarchéime atá ag gabháil do thráchtais taighde MA agus PhD le blianta beaga anuas. Tá na ranna bainteach chomh maith le cur i bhfeidhm agus forbairt clár iarchéime múinte. Tá 32 mac léinn ag gabháil do chéim dochtúireachta ann, 41 ag tabhairt faoi mháistreachtaí taighde agus 55 mac léinn ag gabháil do chéim mháistreachta mhúinte.

***Rinne an Roinn Oideachais seachadadh ar BEd san Oideachas, ar BEd san Oideachas agus i Síceolaíocht agus BA i gCúram agus in Oideachas Luath Óige ar 1,834 fochéimí ar an iomlán.***



## COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Ghlac céad daichead is a seacht mac léinn páirt sa Chlár Socrúcháin lasmuigh den Champas 2005/06 agus tugadh 182 socrúchán chun críche. Rinne caoga naoi faoin gcéad de mhic léinn cionroinnt idir dhá shocrúchán maidir leis an gclár agus d'fhan an 41% eile i socrúchán amháin don dá sheimeastar.

***Bhí 147 mac léinn rannpháirteach sa Chlár Socrúcháin Seach-Champais 2005/06.***

### *An Roinn Oideachais*

Tá an Roinn Oideachais freagrach as cláir iarchéime agus chéime a sholáthar a mbíonn dámhachtainí cáilíochta i múinteoireacht bhunscoile i MIC le gnóthú astu má leantar ar aghaidh leo.

Rinne an roinn an BEd in Oideachas, BEd in Oideachas & Síceolaíocht agus BA i gCúram Luath-Óige & Oideachas a sheachadadh do 1,834 fochéimí ar an iomlán. Cláraíodh nach mór 200 mac léinn sa chúrsa lánaimseartha múinte den Dioplóma Iarchéime in Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile). Tairgeadh cláir dioplóma iarchéime i dTacaíocht Foghlama, Riachtanais Speisialta Oideachais, Oideachas Luath-Óige agus Oideachas Aosach & Leanúnach ar bhonn páirtaimseartha. Rinneadh cláir mháistreachta a sheachadadh san Oideachas, Oideachas i dTacaíocht Foghlama, Oideachas ICT, Oideachas ACE, Oideachas SEN, Oideachas ECE agus Oideachas i gCeol Ealaíon.



An ról trasfheidhmiúil atá ag an Ionad Múinteoireachta agus Foghlama (CTL) ná cur le foghlaim agus múinteoireacht na mac léinn agus na ndámh in Ollscoil Luimnigh agus é d'aidhm aige luach agus próifíl na ngníomhaíochtaí múinteoireachta a ardú. Bíonn an CTL rannpháirteach i gcomharthaighde fianaise-bhunaithe d'fhonn taithí foghlama agus múinteoireachta a iniúchadh agus d'fhonn modhanna nuálacha múinteoireachta a chumasú.

***Bíonn an tIonad Múinteoireachta agus Foghlama páirteach i dtaighde fianaise-bhunaithe chun eolas a fháil ar fhoghlaim agus ar thaithí múinteoireachta agus chun príomhnuálachtaí múinteoireachta a éascú.***

## AN tIONAD MÚINTEOIREACHTA AGUS FOGHLAMA



*Sa ghrianghraf tá an Dr Deirdre O'Loughlin (lár) ar bronnadh gradam Sármhaitheas sa Mhúinteoireacht uirthi ag Searmanas Bronnta Céimeanna UL 2005 in dteannta an Dr Sarah Moore, Déan Múinteoireachta agus Foghlama agus an tOllamh Donal Dineen, Déan, Scoil Ghnó Kemmy.*

**Áirítear iad seo a leanas ar phríomhfhorbairtí na bliana:**

- Foilsíodh *The Handbook of Academic Writing: A Fresh Approach* i gcomhar le hOllscoil Shrath Chluaidh.
- Críochnaíodh téacsleabhar de chuid an Open University ar theagasc ollscoile i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste Eolaíochta.
- Gnóthaíodh €2.6m faoi SFI chun forbairtí tacaíochta réigiúnacha maidir le múinteoireacht agus le foghlaim a chumasú ar fud na ndisciplíní go léir.
- Tugadh isteach córas breathnóireachta piaraí chomh maith le seirbhís bhreathnóireachta feidhmíochta chun cur le múinteoireacht agus foghlaim.
- Rinneadh an dara cur i bhfeidhm den chlár ríomh-mheantóireachta do phiaraí a chomhordú agus a mheas.
- Soláthraíodh tacaíocht oideolaíoch d'fhonn córais bhainistíochta foghlama a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh idirghabháil tacaíochta i dtaca le scríbhinn iarchéime a sheachadadh.





***B'fhiú luach €33 milliún ar an iomlán conarthaí taighde a bronnadh le linn na tréimhse faoi athbhreithni.***




*Ag seoladh chéad Lár-Ionad Taighde Fisiteiripe i UL tá an tOllamh Vincent Cunnane (ar chlé), Leas-Uachtarán Taighde agus an tUasal Tim O'Malley TD, Aire Stáit sa Roinn Sláinte.*

## TAIGHDE



**Déanann an Oifig Thaighde monatóireacht ar ghníomhaíochtaí taighde na hOllscoile agus tugann treoir straitéiseach dóibh. Forbraíonn an oifig polasaí taighde agus straitéise agus cuireann i bhfeidhm é, soláthraíonn ceannaireacht nuair a bhíonn aighneachtaí institiúide do mhaoiniú taighde á n-ullmhú, cuireann gníomhaíochtaí taighde iarchéime chun cinn, déanann teagmháil sheachtrach le gníomhaireachtaí ábhartha, agus déanann bainistiú ar aistriú teicneolaíochta agus ar thráchtálú taighde UL.**

Tháinig ardú 34% ar líon na n-alt irise measúnaithe le dhá bhliain anuas, agus tháinig ardú 24% ar líon na dtaighdeoirí iarchéime le trí bliana anuas. Bronnadh €33 mhilliún de chonarthaí taighde sa tréimhse sin.

Ar na réimsí is tábhachtaí a aithníonn an Oifig Thaighde le haghaidh forbartha, áirítear:

- Eolaíocht na nÁbhar agus an Dromchla
- Obair, Cáilíocht agus Táirgiúlacht
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Bitheolaíochtaí, Comhshaol agus Bithinnealtóireacht
- Daonnachtaí agus Eolaíocht Shóisialta

Foilsíodh an chéad eagrán de *Research Works* i rith na bliana agus foilseofar é go débhliantúil chun cuid de na heochairthograí taighde agus na nuálaíochtaí atá ag teacht ón taighde a dhéanann dámha, taighdeoirí agus mic léinn a chur i bhfís.

Bronnadh an Dámhachtain Barrfheabhais i dTaighde 2006 ar an Dr Mike Morley, an Roinn Caidrimh Fostaíochta agus Pearsanra, Scoil Ghnó Kemmy. Bronnadh an Dámhachtain le haghaidh Gnóthachtáil Speisialta i dTaighde 2006 ar an Dr Gary Walsh, Roinn na hEolaíochta Ceimicí agus Comhshaoil, an Coláiste Eolaíochta.

## AN SCOIL CHÉIMITHE

| Coláiste | Máistreacht L/A | Máistreacht P/A | Máistreacht Iomlán | PhD L/A | PhD P/A | PhD Iomlán | Oll-iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scoil Ghnó Kemmy | 19 | 6 | 25 | 35 | 17 | 52 | 77 |
| Oideachas | 9 | 3 | 12 | 7 | 11 | 18 | 30 |
| Innealtóireacht | 64 | 16 | 80 | 63 | 8 | 71 | 151 |
| Daonnachtaí | 15 | 2 | 17 | 85 | 17 | 102 | 119 |
| Idirdhisciplíneach | 4 | 2 | 6 | 16 | 2 | 18 | 24 |
| Faisnéisíocht & Leictreonaic | 105 | 28 | 133 | 108 | 34 | 142 | 275 |
| Eolaíocht | 76 | 15 | 91 | 51 | 4 | 55 | 146 |
| **Iomláin** | **292** | **72** | **364** | **365** | **93** | **458** | **822** |

Líon na nIarchéimithe Taighde atá Cláraithe, 2005/06

| Coláiste | Máistreacht L/A | Máistreacht P/A | Máistreacht Iomlán | PhD L/A | PhD P/A | PhD Iomlán | Oll-iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scoil Ghnó Kemmy | 82 | 39 | 121 | 173 | - | 173 | 294 |
| Oideachas | 8 | 82 | 90 | 90 | 84 | 174 | 264 |
| Innealtóireacht | 14 | 12 | 26 | 7 | 5 | 12 | 38 |
| Daonnachtaí | 219 | 15 | 234 | 22 | 23 | 45 | 279 |
| Faisnéisíocht & Leictreonaic | 75 | 40 | 115 | 65 | - | 65 | 180 |
| Eolaíocht | 106 | 75 | 181 | - | 14 | 14 | 195 |
| **Iomláin** | **504** | **263** | **767** | **357** | **126** | **483** | **1250** |

Líon na nIarchéimithe Múinte atá Cláraithe, 2005/06

*Sa ghrianghraf leis an Ollamh Nick Rees, Déan Scoil Chéimithe agus leis an Ollamh Vincent Cunnane, Leas-Uachtarán Taighde tá Ard-Aos-Léinn 2006, mic léinn ardghnóthachtálaí UL atá ag fáil tacaíochta ón Ollscoil chun leanúint lena staidéir ag leibhéal iarchéime. Aithníonn an Clár Ard-Aos Léinn mic léinn céad onóracha atá sa bhliain deiridh dá bhfochéim agus spreagtar na hardghnóthachtálaithe seo tabhairt faoi iarchéim taighde.*







Tá an Rannán Riaracháin comhdhéanta de Roinn an Rúnaí Riaracháin, Roinn na bhFoirgneamh agus nEastát, Seirbhísí do Shaol an Champais, an Roinn Spóirt agus Caithimh Aimsire agus Riarachán an Bhailiúcháin Amharcealaíon.

*'Together and Apart': dealbhóireacht d'iarann teilgthe le Antony Gormley.*



## RIARACHÁN

I rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú cheadaigh an tÚdarás Rialaithe:

- Plean Straitéise na hOllscoile 2006 -2011
- An próiseas maidir le hUachtarán nua de chuid UL a earcú agus a cheapadh
- Roinnt tuarascálacha ardchaighdeáin maidir le hathbhreithniú piaraí a fhoilsiú ar shuíomh idirlín UL (http://www.ul.ie)
- Nósanna imeachta maidir le foireann a earcú agus a cheapadh
- Leasuithe ar an bpolasaí agus ar na nósanna imeachta maidir le hardú céime a thabhairt don fhoireann mhúinteoireachta
- Leasuithe ar an bpolasaí agus ar na nósanna imeachta maidir le dínit agus meas sa láthair oibre in UL
- Leasuithe ar an bpolasaí maidir le dochtúireachtaí oinigh a bhronnadh.

***Cheadaigh an tÚdarás Rialaithe Plean Straitéiseach na hOllscoile 2006-2011 le linn na bliana.***



*Insamhladh ríomhaire de "An Droichead Beo", an droichead coisithe is faide in Éirinn a nascann croílár champas UL le campas an Chláir.*



**Áirítear ar thionscadail atá á dtógáil an Droichead Beo, foirngeamh nua Scoil Ghnó Kemmy, an Teach Bád nua agus Céim 2 de Bhaile Cappavilla.**

*Léiriú ealaíontóra de Theach Bád UL ar bhruacha na Sionainne.*





**I measc na dtionscadal caipitil a tugadh chun críche i rith na bliana áirítear Foirgneamh na nEolaíochtaí Sláinte chomh maith le Céim 1 de Shráidbhaile Cappavilla, a sholáthraíonn 324 seomra leapa en suite ina bhféadfaidh mic léinn a gcuid staidéir a dhéanamh.**

## FORBAIRT CHAMPAIS

I measc na dtionscadal atá á dtógáil faoi láthair áirítear an Droichead Beo, droichead 350m do choisithe a cheanglaíonn croí an champais leis an mbruach Thuaidh agus Theas; foirgneamh nua Scoil Ghnó Kemmy; an Teach Bád nua; agus céim 2 de Shráidbhaile Cappavilla.

I measc na dtionscadal atá ag an gcéim pleanála, áirítear foirgnimh nua d'Acadamh Domhanda Ceoil agus Rince na hÉireann, Teangacha, Corpoideachas agus Eolaíochtaí Spóirt, agus an Mioncheolfhoireann na hÉireann mar aon le síneadh le hAiréine na hOllscoile. Tionscadail eile atá beartaithe ná carrchlós in Iarthar an Campais, páirceanna imeartha an Bhruaigh Thuaidh agus Teach an Uachtaráin a thógáil.





## SEIRBHÍSÍ DO SHAOL AN CHAMPAIS/IONAD CAMPAIS PLASSEY

**Is é Ionad Campais Plassey (PCC) atá freagrach as bainistiú Seirbhísí do Shaol an Champais, cuid lárnach d'Ollscoil Luimnigh. Is é an ról atá ag CLS seirbhísí cónaitheacha, pobail, bialainne agus miondíola a sholáthar do phobal an champais.**

Tá cúig shráidbhaile cónaitheacha forbartha ag PCC d'fhonn lóistín ar an gcampas a sholáthar do 2,225 mac léinn. Áirítear 324 seomra leapa, a tógadh le sainchuspóir le haghaidh staidéir indibhidiúil, agus a osclaíodh i 2006, ar an gcéad chéim de Shráidbhaile Cappavilla.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí i rith na bliana amhail tráthnónta 'Fáilte Chun Cónaithe Anseo', turnaimintí spóirt, tráthnónta rince, cócaireacht agus ióga i ngach sráidbhaile mar chuid de chlár cónaithe pobail Saol an Champais.

**Tá forbairt déanta ag Ionad Campais Plassey ar chúig bhaile cónaitheacha ar an gcampas chun freastal ar 2,225 mac léinn.**





*Reáchtáil UL an tríú Craobhchomóratas Snámha Siondróim Down i Meán Fómhair 2006.*

*Tháinig breis agus 300 lúthchleasaí as áiteanna chomh fada ó bhaile leis an Téaváin, an India agus an Tuircméanastáin go hOllscoil Luimnigh i Meán Fómhair 2006 chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Snámha Siondróim Down. Reáchtáil Down Syndrome Ireland agus UL an imeacht a rinne freastal ar bhreis agus 20 toscaireacht idirnáisiúnta d'iomaitheoirí, traenálaithe agus teaghlaigh.*



**Tiomnaíodh ról ar leithligh do UL le comhshaol spóirt na hÉireann a mhúnlú trí mhúinteoirí corpoideachais a sholáthar agus, le blianta beaga anuas, eolaithe spóirt maille leo. Táthar tar éis an ról sin a láidriú le cúig bliana anuas ón uair gur ainmníodh Airéine na hOllscoile mar chroílár de 'champas spóirt na hÉireann' in UL.**

Is minic a fheictear buaiteoirí bonn Oilimpeach chomh maith le seaimpíní na hEorpa agus an domhain ag traenáil sa tsaoráid i dteannta phobal an champais agus an phobail i gcoitinne. Léiríonn an meascán spóirtiúil uathúil sin misean na Roinne Spóirt agus Caithimh Aimsire, rud a chruthaíonn gur féidir riachtanais spóirt an uile dhuine a shásamh ach na saoráidí cearta a bheith ann, agus fís cheannródaíoch ag tacú leo.

Ar na héachtaí ardréime spóirt a baineadh amach i rith na bliana bhí siad seo a leanas; shroich Club Rugbaí Bohemian UL an cúigiú áit sa tSraith i Roinn 1 agus bhuaigh foireann rugbaí sinsir na mban Roinn 1 den AIL don chúigiú bliain as a chéile. Bhain foireann Chispheile Sársraithe na mBan an Corn Náisiúnta amach. Bhí lucht UL chun tosaigh arís ag leibhéal náisiúnta agus idir-ollscoile.

Is faoi choimirce UL, i Meán Fómhair 2006, a tionóladh an tríú Craobhchomórtas Domhanda sa Snámh do dhaoine le Siondróm Down.





**Cuireadh go mór leis an mBailiúchán Amharcealaíon in Ollscoil Luimnigh i rith na bliana. Rinneadh obair chaomhnaithe agus athchóirithe ar roinnt saothar tábhachtach ealaíon. Ina theannta sin, cuireadh na bailiúcháin i láthair do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta trí thaispeántais agus iasachtaí éagsúla.**

## AMHARCEALAÍONA

Reáchtáladh taispeántas bliantúil, Bailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann, i mí an Mheitheamh 2006, agus áiríodh 11 earra sa bhreis ar an mbailiúchán. Cuireadh leis an mbailiúchán tar éis d'ealaíontóirí a bhí ar taispeáint cheana féin ceithre fhéinphortráid a bhronnadh ar an taispeántas. Tá 410 saothar sa bhailiúchán anois, saothair de chuid 385 ealaíontóir ar fad.

Tá UL leis an méid atá fágtha de shaothair The Irish American Cultural Institute O'Malley Collection a fháil ar iasacht fhadtéarmach ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Áirítear ar an 27 saothar sin roinnt de shaothar Helen Hooker O'Malley, rud a chiallaíonn go mbeidh os cionn 600 earra ar fad i The O'Malley Collection.

Cheannaigh Bailiúchán Ealaíne Ollscoil Luimnigh saothair ó thaispeántais de chuid Eithne Carr agus Gavin Hogg. Earra tábhachtach eile a cuireadh leis an ULAC ná The Dying Joseph, earra a ceannaíodh nuair a cuireadh nithe ó Shéipéal an Chroí Ró-Naofa agus Teach na nÍosánach ar ceant i Luimneach.

***Áiríodh 11 féinphortráid nua san taispeántas bliantúil Bailiúchán Náisiúnta Féinphortráide na hÉireann.***

*Sa ghrianghraf tá an grianghrafadóir as an Iodáil a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aici Ursula Swoboda ar an gcéad lá dá taispeántas griangrafadóireachta 'I am Woman' i UL i 2006.*





## ACMHAINNÍ DAONNA

**Tá breis is 1,100 ball dáimhe agus ball foirne ag UL. Cuireann an Rannán Acmhainní Daonna raon seirbhísí ar fáil a thacaíonn le fís na hOllscoile, is é sin, baill dáimhe agus baill foirne den scoth a earcú agus a choinneáil, mar aon le bheith tiomanta do thacú le feidhmíocht den chéad scoth trí pholasaithe forbartha ceannródaíocha.**

Tharla ann do na príomhthionscnaimh seo i gcaitheamh na bliana:

- Rinneadh céad tríocha agus trí chomórtas earcaíochta agus roghnaithe a bhainistiú.
- Leanadh den phróiseas ardaithe chéime, is é sin, Léachtóir a dhéanamh de Léachtóir Sóisearach.
- Cuireadh feidhm thiomnaithe Oiliúna agus Forbartha ar bun chun tacú le straitéis UL maidir le hoiliúint agus forbairt.
- Rinneadh an córas Athbhreithnithe Feidhmíochta agus Forbartha a fhorbairt a thuilleadh agus thug 500 fostaí faoi oiliúint chuimsitheach.
- Ar an oiliúint ghinearálta a rinneadh, áiríodh ceardlanna i gcúram don chustaiméir, oiliúint i scileanna agallóireachta, oiliúint ar chomhairleoirí, bainistíocht ama, ceardlanna straitéise, ceardlanna treoshuímh do chinn nua roinne agus Clár Leasa Fostaithe.
- Leanadh de bheith ag tacú le forbairt phroifisiúnta/phearsanta na bhfostaithe agus fuair 59 fostaí tacaíocht airgid le haghaidh páirt a ghlacadh i léann fochéime, iarchéime agus dochtúireachta.
- Tugadh tacaíocht le haghaidh Léann i dTeangacha do 23 ball foirne.
- Cuireadh breis is 100 ceardlann ar fáil le cabhair ón gClár Oiliúna d'Oiliúnóirí (NDP).
- Thapaigh fostaithe an deis chun páirt a ghlacadh i roinnt clár de chuid Irish Universities' Training Network (IUTN).




***Soláthraíonn an Rannán AD réimse seirbhísí a thacaíonn le fís na hOllscoile i dtaobh earcaíocht agus foireann agus dámh den scoth a choinneáil.***







*Monica McLoughney, Bainisteoir Craoibhe Ulster Bank agus Declan Aherne, Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre um Chothú Sláinte ag seoladh Seachtain Bia Sláintiúil in Ollscoil Luimnigh. Tháinig Oifig Ghnóthaí Mac Léinn UL agus Grúpa Oibre um Chothú Sláinte UL le chéile chun díthocsainiú a dhéanamh ar mhic léinn i ndiaidh Seachtain Phléarácaim spraíúil ar éirigh thar cionn léi nuair a seoladh an chéad leabhrán riamh 'Bia Sláintiúil' a ndearna Ulster Bank urraíocht air.*

***Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Mac Léinn réimse chuimsitheach seirbhísí riaracháin agus tacaíochta do dhaonra mac léinn iomlán UL.***

Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Mac Léinn raon lárnach cuimsitheach de sheirbhísí riaracháin agus tacaí do dhaonra iomlán na mac léinn in UL agus tá sí freagrach as móroibríochtaí (amhail scrúduithe), forbairt polasaí (amhail an polasaí i leith alcóil), córais (amhail SI, an córas taifead mac léinn) mar aon le leas an mhic léinn mar dhuine. Folaíonn an Roinn: Rochtain, Iontrálacha, Ealaíona, Séiplíneacht, Míchumas, Mic Léinn Lánfhásta, Riarachán Acadúil Mac Léinn, Gnóthaí Mac Léinn, Comhairleoireacht do Mhic Léinn agus Ionad Sláinte do Mhic Léinn.

Mar thoradh ar an gcomhoibriú idir an Roinn agus Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, cuireadh moltaí nuálacha faoi bhráid Chiste Nuála Straitéiseach an HEA.

Tionóladh an chéad chruinniú de chuid UL/ Grúpa Idirchaidrimh maidir le Rochtain ar Champas chun an fhorbairt straitéiseach i leith Rochtain ar Champas a phlé le Comhpháirtíocht Forbartha Fiontar Luimnigh.

**Bronnadh Céim Oinigh Dochtúireachta ar Mháire Mhic Róibín in Ollscoil Luimnigh, an 18 Bealtaine, 2006, i ngeall ar an obair iontach a rinne sí mar phléadálaí ar son chearta an duine.**

## CÉIMEANNA OINIGH

Tá formhór a saoil caite ag Mary Robinson, an chéad bhean a bhí ina hUachtarán ar Éirinn (1990-1997) agus Ardchoimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (1997-2002), mar phléadálaí ar son chearta an duine.

Mar bhean léinn, reachtóir (Seanadóir 1969-1989) agus abhcóide (1967-1990), Abhcóide Sinsearach 1980, Cúirt Shasana 1973), d'fhéach sí i gcónaí le leas a bhaint as an dlí chun athruithe sóisialta a chur i bhfeidhm, agus cásanna díol suntais á n-argóint aici i láthair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, i gcúirteanna de chuid na hÉireann agus sa Chúirt Eorpach i Lucsamburg.

*Bronnadh Céim Dochtúireachta Oinigh sa Dlí ar Mary Robinson, iar-Uachtarán na hÉireann agus ar John Hume, iarcheannaire an SDLP agus comhbhunaitheoir an pháirtí, in Ollscoil Luimnigh. Sa ghrianghraf thuas in éineacht le Dr Robinson agus an Dr Hume tá an tOllamh Roger Downer Uachtarán Emeritus, UL.*



Agus í lonnaithe anois i Nua-Eabhrac, tá an Dr Robinson i mbun tionscadail nua faoi láthair, an Tionscnamh Domhandaithe Eiticiúil (EGI). An cuspóir atá aige gnásanna agus caighdeáin maidir le cearta an duine a fhí isteach i bpróiseas an domhandaithe agus tacú le hacmhainn an phobail a fhorbairt i rialachas maith sna tíortha atá ag forbairt, agus iad ag díriú ar an Afraic ar dtús.

**Bronnadh céim Oinigh Dochtúireachta i nDlíthe ar John Hume in Ollscoil Luimnigh, 18 Bealtaine 2006, i ngeall ar a ndearna sé do chúrsaí polaitíochta i dTuaisceart Éireann.**

Iarcheannaire agus comhbhunaitheoir an SDLP é John Hume, agus chaith sé a shaol polaitíochta ag féachaint le timpeallacht a chruthú ina n-oibreodh páirtithe polaitíochta ón dá thaobh i dteannta a chéile. Sa bhliain 1998, bronnadh Duais Síochána Nobel air féin agus ar David Trimble, ceannasaí Pháirtí Aontachtach Uladh, i ngeall ar an obair athmhuintearais a rinne an bheirt acu le chéile.

***Bronnadh céimeanna oinigh ar Mary Robinson agus ar John Hume i UL an 18 Bealtaine 2006.***

Is iarmhúinteoir é John Hume, agus tharraing sé ar aird an phobail den chéad uair le linn na gluaiseachta cearta sibhialta sna blianta deiridh de na seascaidí, nuair a d'éiligh Caitlicigh go ndéanfaí athruithe ó thalamh maidir leis an mbealach ina raibh Tuaisceart Éireann á rith. Bhí sé ina chomhbhunaitheoir den SDLP i 1970 agus ba é a bhí ina cheannas ó 1979 go dtí 2001. Príomhphléadálaí ar son na comhpháirtíochta ab ea John Hume, fear a raibh ról tábhachtach aige san idirbheartaíocht maidir le Comhaontú Sunningdale. Bhí sé mar Aire Tráchtála ar an gCoiste Feidhmiúcháin Chumhachtroinnte a d'eascair as i 1974. Bhí sé ina cheannaire ar an bpáirtí chomh maith i gComhráití Fóraim Éire Nua i 1983, Comhráití Brooke i 1992, an Fóram um Shíochán agus Athmhuintearas i 1994, agus na Comhráití Uile-Pháirtí ar eascair Comhaontú Aoine an Chéasta astu i 1998.





***Léiríonn an t-ardú atá ar chaiteachas athfhillteach an t-ardú leanúnach atá ag teacht ar dhámhachtain íocaíochta, ar bhoilsciú neamh-phá ginearálta agus an fhorbairt straitéiseach ar líon nua clár acadúla chun cur ar chumas na hOllscoile freastal ar éileamh margaidh agus ar thosaíochtaí náisiúnta.***





**Cuimsíonn oifig an Leas-Uachtaráin Airgeadais an Roinn Cuntas chomh maith leis an Oifig Fála agus Conarthaí. Baineann na figiúirí a thugtar sa tuarascáil seo leis an mbliain airgeadais 2004/05 de chuid na hOllscoile (1 Deireadh Fómhair 2004 go dtí 30 Meán Fómhair 2005).**

Mhéadaigh an t-ioncam ó €76.53m go dtí €82.49 i rith na bliana airgeadais go dtí Meán Fómhair 2005, ar ardú de 7.7% é ar an mbliain roimhe sin.

Mhéadaigh an deontas Stáit ó €37.78m go dtí €40.72m, ar ardú de 7.7% é, agus tháinig méadú de 7.1% ar an ioncam ó tháillí mac léinn, ó €35.7m go dtí €38.26m.

Is ionann táillí mac léinn agus an deontas Stáit 70% den ioncam don bhliain, laghdú 1.5% ar 2004, rud a léiríonn an laghdú leanúnach ar dheontais Stáit i ngníomhaíochtaí ollscoile.

Mhéadaigh ioncam ó fhoinsí eile ó €3.01m go dtí €3.51m, fás 16.5%, mar gheall go príomha ar mhéadú ar an líon mac léinn idirnáisiúnta agus ar an méid a chuirtear le forchostais taighde, ag eascairt as an méadú ar ioncam taighde.

D'fhás caiteachas ó €76.54m go dtí €83.58m, méadú 9.2%. Léiríonn an méadú an t-ardú leanúnach ar dhámhachtainí pá, boilsciú ginearálta neamhphá agus forbairt straitéiseach ar roinnt clár acadúil nua le cur ar chumas na hollscoile freastal ar an éileamh margaidh agus ar thosaíochtaí náisiúnta.

€20.3m san iomlán a bhí i gcaiteachas caipitil na hollscoile i rith na bliana. Bhain €4.04m de sin le trealamh agus an chuid eile le talamh agus foirgnimh. Is fochuid í an infheistíocht sin den chlár forbartha fisiciúil 2005–2010 atáthar a chur i bhfeidhm ar an gcampas.

D'athbhreithnigh an Oifig Fála agus Conarthaí caiteachas ar luach breis agus €40m é laistigh de bhuiséad caipitil agus atréimhseach na hOllscoile. B'ionann an méid a d'fhéadfaí a shábháil dá mbeadh fáil ghairmiúil mar chuid den phróiseas agus thart ar €5m.

| | NÓTAÍ | 2005 €'000 | 2004 €'000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Stáit | 1 | 40,715 | 37,784 |
| Táillí Man Léinn | 2 | 38,264 | 35,736 |
| Ioncam Eile | 3 | 3,508 | 3,012 |
| | | 82,487 | 76,532 |
| Taighde Conartha agus Tionscadail Féin-Mhaoinithe Eile | 4 | 29,884 | 26,290 |
| | | 112,371 | 102,822 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 10,622 | 9,109 |
| Táillí Man Léinn | | 6,000 | 5,646 |
| Lúide an méid aistrithe chuig an gColáiste | | (16,622) | (14,755) |
| Iomlán | | 113,371 | 102,822 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláistí agus Ranna | 5 | 47,133 | 43,267 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 9,134 | 8,787 |
| Áitreabh | 7 | 10,742 | 9,243 |
| Líon Leithdháilte Chun críocha Caipitil | 8 | 1,549 | 2,133 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí Lárnacha | 9 | 7,796 | 6,697 |
| Caiteachas Oideachasúil Ginearálta | 10 | 1,678 | 1,561 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 2,336 | 2,287 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 3,211 | 2,562 |
| | | 83,579 | 76,537 |
| Taighde Conartha agus Tionscadail Féin-Mhaoinithe Eile | 4 | 29,884 | 26,290 |
| Iomlán | 13 | 113,463 | 102,827 |
| **Easnamh i nGníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchisti Caiptail agus Deontas, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas Sócmhainní Seasta** | | (1,092) | (5) |
| **(Easnamh) / Barrachas i Seirbhísí Coimhdeacha** | 14 | (415) | 251 |
| **Dímheas Sócmhainní Seasta** | 15 | (8,132) | (7,756) |
| **Gluaiseachta sa Chúlchaiste Ginearálta** | 16 | 8,547 | 7,505 |
| **Glan-Easnamh don bhliain** | 24 | (1,092) | (5) |



AIRGEADAS

| | NÓTAÍ | 2005 €'000 | 2004 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 269,901 | 259,9118 |
| **INFHEUS TÍOCHTAÍ** | 18 | 22,193 | 21,563 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 39,149 | 16,279 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 9,607 | 6,982 |
| Stoic | | 22 | 39 |
| | | 48,778 | 23,297 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Crediúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe | 21 | (60,695) | (35,319) |
| **Glandhliteanais Reatha** | | (11,917) | (12,022) |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | |
| Crediúnaithe dlite tar éis bliain amháin | 27 | 0 | (267) |
| Sócmhainní Iomlána Lúidedliteanais Reatha | | 280,177 | 269,192 |
| **ARNA IONADÚ AG** | | €'000 | €'000 |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 258,376 | 245,824 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 22,301 | 22.776 |
| Cúlchiste Ioncaim | 24 | (500) | 592 |
| | | 280,177 | 269,192 |

Is don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2005 iad na ráitis airgeadais thuas.



**Tá an Rannán Oideachais Chomhoibrithigh & Gairmeacha (CECD) freagrach as bainistiú agus forbairt na gclár seo a leanas; Oideachas Comhoibritheach, Cleachtadh Múinteoireachta (TP) agus Gairmeacha.**

## OIDEACHAS COMHOIBRITHEACH & GAIRMEACHA

Cuirtear tuairim is 2,000 mac léinn in aghaidh na bliana ar sochrúcháin le gréasán os cionn 1,700 fostóir. Is cuid lárnach de straitéis an Rannáin é deiseanna socrúcháin a fhorbairt le cuideachtaí ardscile, ar luach níos airde, faoi threallús nuála, idir chuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta. Cuimsíonn an clár TP cúig chéim agus cúig dhioplóma iarchéime san Oideachas.

Tugtar faoi fhiche cúig faoin gcéad de na socrúcháin go hidirnáisiúnta. Deimhníodh socrúcháin nua sa Ghearmáin, sa Spáinn, i Lucsamburg, sa Ríocht Aontaithe, i Meicsiceo, san Astráil, sa tSín agus sna Stáit Aontaithe. Deimhníodh sannacháin acadúla do na mic léinn ar fad a bhfuil teanga iasachta á tógáil acu. Faoin gclár AE Leonardo da Vinci, bronnadh breis agus €620,000 ar an Rannán don tionscadal EMERGE, a úsáidfear chun tacú leis an gclár idirnáisiúnta a fhorbairt.

Tacaíonn an tSeirbhís Gairmeacha le mic léinn agus le daoine a bhain céim amach le déanaí maidir le roghanna gairme éifeachtacha a dhéanamh agus éascaíonn an tseirbhís dóibh aistriú ón oideachas go dtí fostaíocht nó tuilleadh staidéir. I mbliana bhain an tSeirbhís an dámhachtain O2 Ability Award amach as tacaíocht ghairme a thabhairt do mhic léinn faoi mhíchumais agus d'oscail sí Áit Acmhainní Gairmeacha chun tacú le mic léinn maidir le taighde a dhéanamh ar eolas faoi ghairmeacha, fostóirí nó deiseanna breis-staidéir.

***Baineadh amach socrúcháin nua sa Ghearmain, sa Spáinn, i Lucsamburg, sa RA, i Meicsiceo, san Astráil, sa tSín agus sna SA.***





**Soláthraíonn an Rannán Teicneolaíochta Faisnéise (ITD) seirbhísí ríomhaireachta, closamhairc, priontála, postais agus teileafóin d'fhoireann agus do mhic**

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

**leinn UL. I measc an mhéid a baineadh amach i rith na bliana bhí bogearraí bainistíochta turscair (SPAM) a thabhairt cothrom le dáta, Foirgneamh na nEolaíochtaí Sláinte nua a chur le gréasán an champais agus aistriú iomlán go dtí an tEolaire Gníomhach agus an córas ríomhphoist Exchange 2003.**



***Rinne Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchádh bliantúil ar an ITD agus teastasaíodh é arís do ISO9001:2000.***

Chuaigh ITD faoina iniúchadh cáilíochta bliantúil leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus bronnadh ISO9001:2000 air arís.

Seachadadh na seirbhísí ríomhaireachta seo a leanas:

- Rinneadh athsholáthar ar dhá chéad PC i gcnuasaigh mac léinn.
- Cuireadh liostaí nua, ar féidir leis an bhfoireann liostú leo nó díliostú leo, in áit liostaí dáilte lárnacha an ITD.
- Glacadh XP mar an tógáil ríomhaire réamhshocraithe do na PCanna nua go léir.
- Chuir an t-ascnamh go dtí an tEolaire Gníomhach ar chumas na ndámh ríomhphoist a sheoladh chuig a ranganna agus chuig a lucht comhairle.
- Rinneadh córas bainistíochta foghlama nua a phíolótú le roinnt dámh.
- Úsáideadh córas dámhachtainí acadúla chun doiciméid a bhaineann le céimeanna a bhaint amach a eisiúint agus a fhíordheimhniú ar líne.
- Cuireadh tairseach ar fáil chun rochtain níos éasca ar chuid d'fheidhmeanna an chórais riaracháin do mhic léinn a chumasú.
- Rinneadh leathanaigh ardleibhéil de chuid láithreán gréasáin na hOllscoile a athdhearadh.



Leabharlann Glucksman



## LEABHARLANN AGUS SEIRBHÍSÍ FAISNÉIS

Cuireann Rannán na Leabharlainne agus Seirbhísí Faisnéise (LISD) saoráidí agus seirbhísí ar fáil chun tacú le múinteoireacht, foghlaim agus taighde laistigh de UL. Riarann LISD Cartlann na hOllscoile agus Leabharlann Fheidhmiúcháin na Seirbhísí Sláinte in Ospidéal de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair i Luimneach freisin.

Rinneadh na forbairtí seo a leanas i rith na bliana:

- Rinneadh seirbhísí na deisce scaipthe a chomhdhlúthú.
- Tugadh post leabharlannaithe taighde bliana amháin, arna mhaoiniú ag SFI don Roinn Seirbhísí Faisnéise.
- Seoladh an tseirbhís liosta léitheoireachta ar líne ar fud na hOllscoile.
- Cuireadh amach an leabhrán *Cite It Right: A Guide to Referencing in UL Using the Harvard Referencing Style.*
- Bhí obair ullmhúcháin don aistriú go dtí caighdeáin domhanda maidir le sonraí bibleagrafaíochta leictreonaí a iompórtáil ar siúl go leanúnach.
- I measc na gcartlann a fuarthas bhí Páipéir Liam Manahan, Páipéir Tiede Herrema, Páipéir Seán de Courcy, Páipéir Armstrong agus Páipéir Daly.

### SEIRBHÍSÍ AGUS BAILIÚCHÁIN LISD 2005/06

| SEIRBHÍSÍ | |
|---|---|
| Iasachtaí iomlána | 255,438 |
| Iasachtaí ón mBailiúchán Iasachta Gearr | 40,561 |
| Iasachtaí idirleabharlainne | 5,317 |
| An líon cuairteoirí ar fhoirgneamh na Leabharlainne | 1,034,536 |
| An líon cuairteoirí ar láithreán gréasáin na Leabharlainne | 168,270 |
| An líon fiosrúchán ag an Deasc Faisnéise (fiosrúcháin EDC san áireamh) | 19,906 |
| Saothar uaire duine d'oiliúint scileanna faisnéise a seachadadh. | 3,309 |
| **BAILIÚCHÁIN** | |
| Monagraif chatalógaithe iomlána | 324,803 |
| Breisiúcháin ar stoc sa tréimhse | 12,484 |
| Irisí priontáilte agus ríomhirisí (na cinn coinnithe i mbunachair shonraí téacs iomlána san áireamh) | 27,109 |
| Bunachair shonraí Bibleagrafaíocha agus téacsanna iomlána | 111 |




Sa ghrianghraf tá an Dr Tiede Herrema, an tionsclaí as an Ísiltír a d'fhuadaigh an tIRA in 1975 i dteannta Sheán Donlon Uasal, Seansailéir Ollscoil Luimnigh. Bhronn an Dr Herrema a chartlann phríobháideach cáipéisí a bhaineann leis an bhfuadach ar Leabharlann UL.





## FONDÚIREACHT OLLSCOIL LUIMNIGH

*I 2006 d'fhógair Fondúireacht Ollscoil Luimnigh bronntanas go mbunófaí scoláireacht fochéime mhaoinithe i rámhaíocht i UL. Bunaíodh Scoláireacht Rámhaíochta Paddy Dooley de bharr gnaíúlachta mhuintir Dooley in onóir dá n-athair, a bhí ina chaptaen ar an 'Irish Olympic Eight' i gCluichí Oilimpeacha 1948 i Londain. Ba í Caroline MacManus (sa ghrianghraf thuas), mac léinn aibí as an Réabóg, Luimneach an chéad duine riamh ar bronnadh an scoláireacht uirthi ar bhonn a torthaí Ardteistiméireachta agus a bhfuil bainte amach aici i rámhaíocht.*



Bunaíodh Fondúireacht Ollscoil Luimnigh (ULF) i 1989 chun ceannaireacht agus maoiniú idirnáisiúnta a sholáthar ar mhaithe le cur ar aghaidh UL. Ó bunaíodh í tá breis agus €115m bailithe ag ULF chun cúnamh a thabhairt le forbairt UL.

Tá ULF faoi threoir ag bord ceannairí idirnáisiúnta ó shaol an ghnó, an tionscail agus na n-ealaíona. Áiríodh ar chomhaltaí boird 2005/06 na daoine seo a leanas:

**James Collins**
*Stiúrthóir Cuideachta, Ahearne Collins & Associates*

**Seán Donlon**
*Seansailéir, Ollscoil Luimnigh*

**Roger Downer**
*Uachtarán, Ollscoil Luimnigh*

**Frank Doyle**
*Iar-Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, General Electric*

**Charles F. Feeney**
*Cathaoirleach, General Atlantic Group, Ltd.*

**Michael Ferrick**
*Bainisteoir Stiúrtha, Advance Learning*

**Donal Forde**
*Stiúrthóir Bainistíochta, AIB Bank*

**Declan Ganley**
*Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, The Ganley Group*

**Kenneth Gorman**
*Príomhoifigeach, Apollo Partners*

**Dermot Hanrahan**
*Fiontraí*

**John Hartnett**
*Leasuachtarán Sinsearach – Worldwide Sales, Palm Inc.*

**Gordon A. Holmes**
*Comhpháirtí Sinsearach, Holmes O'Malley Sexton*

**Michael P. Houlihan**
*Aturnae Contae, Michael Houlihan & Partners*

**Paul Kimball**
*Sainchomhairleoir, Morgan Stanley Dean Witter*

**James McCarron**
*Sealbhóir Dioplóma ón American Board of Urology*

**Frank McCourt**
*Údar agus Buaiteoir Duais Pulitzer*

**Harry McKillop**
*Uachtarán, Alliance International/The Perot Group*

**Phoebe Milligan** (a bhásaigh Aibreán 2006)
*Sainchomhairleoir Airgeadais*

**John F. Mitchell**
*Leaschathaoirleach (ar scor), Motorola Inc.*

**John O'Connor***
*Uachtarán Gníomhach, Ollscoil Luimnigh*

**Michael O'Keeffe**
*Úinéir, The Water Club Restaurant*

**John Ryan**
*Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Macrovision Corporation*

**Elizabeth Shannon**
*Ollscoil Bhostúin*

**Michael Tiernan**
*Stiúrthóir Bainistíochta, Tiernan Properties Ltd.*

**Daniel P.N. Tierney**
*Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach, The Cross Group*

**Bill Whelan**
*Cumadóir Ceoil*

**Terry Wogan**
*Craoltóir*

*Tháinig i gcomharbacht ar Roger Downer i mBealtaine 2006

Tá feachtais tiomsaithe airgid do Scoil Ghnó Kemmy, d'Acadamh Domhanda Ceoil agus Rince na hÉireann agus don Pedestrian Living Bridge ar bun faoi láthair ag ULF.



***Ó bunaíodh é, tá breis agus € 115m bailithe ag ULF chun cuidiú le forbairt UL.***

**Is Páirc Teicneolaíochta agus Eolaíochta í an Pháirc Teicneolaíochta Náisiúnta (NTP) atá ina forbairt chomhpháirtíochta idir Forbairt na Sionna, UL agus leasanna eile, ó bunaíodh í sa bhliain 1984.**

## PÁIRC TEICNEOLAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Is iad ICT, cúram sláinte agus ríomhghnó na hearnálacha is coitianta ag NTP. Tá an Pháirc ina bunáit do chroíghrúpa cuideachtaí ardteicneolaíochta agus eolasbhunaithe (os cionn 80 fiontar), croíghrúpa atá ag fás agus a bhfuil tionchar aige, ar a suíomh páirce 650 acra ar bhruacha Abhainn na Sionainne ag Plassey.

Tá imreoirí ilnáisiúnta ollmhóra, mar Cook, Vistakon (Johnson & Johnson) agus Ophtecs Euro meallta chuig an gceantar ag NTP. Oibríonn na fochuideachtaí ilnáisiúnta sin in éineacht le cuideachtaí dúchasacha ard-sofaisticiúla, mar Zetes Blackbird agus SAI. Tá beagnach 3,000 duine gairmiúil oilte fostaithe sa Pháirc.

Lonnaigh na cuideachtaí nua seo a leanas a gcuid gníomhaíochtaí ag NTP i rith 2006: Northern Trust, Rovsing Ireland Ltd, Lero, Cratlon Ltd, Advanced Innovations Ltd, Kneat Solutions Ltd agus Technopath.




*Tá beagnach 3,000 gairmí oilte fostaithe sa Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta.*






## CÉIMITHE DE RÉIR LEIBHÉIL DÁMHACHTANA 2006





| IARCHÉIM | |
|---|---|
| Dochtúireacht | 91 |
| Máistreacht | 677 |
| Dioplóma Iarchéime | 330 |
| Teastas Iarchéime | 9 |
| IOMLÁN | 1,107 |




| CÉIM | |
|---|---|
| Baitsiléir | 1,664 |
| Dioplóma | 251 |
| Teastas | 167 |
| IOMLÁN | 2,082 |

| | | |
|---|---|---|
| Gnó | 884 | 27.7% |
| Oideachas | 430 | 13.5% |
| Innealtóireacht | 212 | 6.7% |
| Daonnachtaí | 563 | 17.7% |
| Faisnéisíocht & Leictreonaic | 351 | 11.0% |
| Eolaíocht | 639 | 20.0% |
| Idirdhisciplíneach | 110 | 3.4% |
| IOMLÁN | 3,189 | 100% |



| OLLSCOIL LUIMNIGH | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 62% |
| Fostaithe Thar Lear | 6% |
| Staidéir bhreise | 24% |
| Níl ar fáil | 5% |
| Ag lorg fostaíochta | 3% |
| Ráta freagartha | 90% |

| GACH OLLSCOIL IN ÉIRINN | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 53% |
| Fostaithe thar lear | 5% |
| Staidéar breise | 34% |
| Níl ar fáil | 6% |
| Ag lorg fostaíochta | 2% |
| Ráta freagartha | 61% |

